

An Oifig Toghlaigh - An Dea-Chleachtas san Áit Oibre



Réamhrá

Is é Ionadaí Tofa (comhalta den Oireachtas, feisire de Pharlaimint na hEorpa nó comhalta d'údarás áitiúil) an rialaitheoir sonraí do na sonraí pearsanta uile a láimhseálann a (h)oifig agus tá sé/sí freagrach as a chinntiú go bpróiseálfaidh a (h)oifig sonraí pearsanta i gcomhréir leis na creataí dlíthiúla um chosaint sonraí.¹ Áirítear leis na sonraí sin an fhaisnéis phearsanta de chuid ball foirne nó oibrithe deonacha, faisnéis a shealbhaítear chun críocha feachtais toghcháin, agus faisnéis a fhaightear le linn cásobair toghlaigh a dhéanamh. Ba cheart d'ionadaithe tofa, agus dóibh siúd a chabhraíonn leo maidir lena gcuid oibre, bheith ar an eolas faoi na freagrachtaí atá orthu agus sonraí pearsanta á bpróiseáil acu agus ba cheart dóibh nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloífadh siad leis na prionsabail um chosaint sonraí le linn dóibh a gcuid oibre a chur i gcrích.

Chun dea-chleachtais chosanta sonraí a chur chun feidhme san oifig, is gá tuiscint shoiléir a bheith ann ar na sonraí pearsanta a shealbhaítear agus ar cén fáth a sealbhaítear agus a bpróiseáiltear na sonraí sin. Mar rialaitheoir sonraí, ba cheart d'ionadaí tofa féachaint ar an dóigh a bpróiseálann sé/sí agus a f(h)oireann sonraí agus teacht ar bhealaí inar féidir feabhas a chur air sin freisin. Ar deireadh, trí dhíriú ar na cumarsáidí a sheoltar chuig daoine eile maidir leis an dóigh agus maidir le cén fáth a bpróiseáiltear a sonraí pearsanta, cabhrófar leis an ionadaí tofa a (h)oibleagáidí a chomhlíonadh maidir lena bheith ina rialaitheoir sonraí cuntasach trédhearcach.

Do shonraí a thuiscint

Is é an príomhbhealach inar féidir le rialaitheoir sonraí comhlíonadh cosanta sonraí a bhaint amach ná a thuiscint cén fáth a bhfaightear agus a bpróiseáiltear na sonraí pearsanta de chuid daoine aonair agus fios a bheith aige/aici ar a bhfuil go díreach sna sonraí sin. Moltar go ndéanfaí fardal de na sonraí pearsanta uile a

¹ Is iad seo a leanas na príomhchreataí reachtacha atá i bhfeidhm ón 25 Bealtaine 2018: an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (Rialachán (AE) 2016/679); an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018; an "Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí" (Treoir (AE) 2016/680), a trasúodh i ndlí na hÉireann trí bhíthin an Achta um Chosaint Sonraí, 2018; na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003; na "Rialacháin maidir le Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach", 2011 (I.R. Uimh. 336 de 2011 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonach) (Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach), 2011)

shealbhaítear agus go scrúdófaí na sonraí pearsanta sin faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Cén fáth a bhfuil na sonraí á sealbhú agat?
- Conas a fuair tú na sonraí?
- Cén fáth ar bailíodh na sonraí ar dtús?
- Cá fhad a choinneoidh tú na sonraí?
- Cé chomh slán, ó thaobh criptithe agus inrochtaineachta de araon, agus atá na sonraí?
- An gcomhroinneann tú na sonraí le tríú páirtithe in am ar bith agus cén bonn ar a ndéanann tú é sin?

Is é sin an chéad chéim i dtreo prionsabal na cuntasachta a chomhlíonadh. Is prionsabal é sin lena gceanglaítear ar rialaitheoirí sonraí a thaispeáint cé na bealaí ina gcomhlíonann siad na prionsabail um chosaint sonraí le linn dóibh gnó a chur i gcrích. Leis an bhfardal, cumasófar do rialaitheoirí aon sonraí atá mícheart a leasú agus aon nochaí tríú páirtí a rianú freisin.

Slándáil Sonraí

Ceanglaítear leis na creataí dlíthiúla um chosaint sonraí ar rialaitheoirí sonraí bearta teicniúla nó eagrúcháin atá cuí a chur chun feidhme chun na sonraí a shealbhaíonn agus a phróiseálann siad a chosaint. Áirítear leis sin cosaint ar rochtain neamhúdaráithe nó próiseáil neamhdhleathach agus ar aon chailteanas, aon díothú nó aon damáiste a dhéantar de thaisme. Tá sé de fhreagracht ar gach rialaitheoir sonraí bearta den sórt sin a chur i bhfeidhm trí chur chuige rioscabhunaithe a úsáid agus trí aird a thabhairt ar chineál agus raon feidhme a n-oibríochtaí próiseála sonraí.

Ba cheart d'ionadaithe tofa cur chuige rioscabhunaithe a ghlacadh i leith cosaint sonraí. Ciallaíonn sé sin gur cheart dóibh bearta cuí agus cosanta a chur chun feidhme atá ag teacht le leibhéal riosca na ngníomhaíochtaí próiseála sonraí lena mbaineann. Ceanglaítear ar ionadaithe tofa, mar rialaitheoirí sonraí, leibhéal slándála sonraí a chinntiú atá i gcomhréir leis an riosca, mar shampla. Ceanglaítear orthu freisin bearta rioscabhunaithe a chur chun feidhme chun a chinntiú go gcomhlíonfar oibleagáidí ginearálta an Rialacháin Ghinearálta. I measc na mbeart rioscabhunaithe a d'fhéadfaí a dhéanamh tá siad sin atá leagtha amach in alt 36(1) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, amhail ainm bréige a chur i bhfeidhm, criptiú agus teorainn a chur le rochtain. Is gá na nithe seo a leanas a dhéanamh agus cur chuige rioscabhunaithe á ghlacadh i leith cosaint sonraí:

1. Sainaithint a dhéanamh ar an díobháil a d'fhéadfadh a bheith ag baint le gníomhaíocht próiseála.
2. Meastóireacht a dhéanamh ar dhéine na díobhála a d'fhéadfadh teacht as an ngníomhaíocht.
3. Dóchúlacht an teagmhais a mheas trí anailís a dhéanamh ar leochaileachtaí na gcóras agus na n-oibríochtaí atá ar bun agus ar chineál na mbagairtí.

Sampla 1

Chaill oibrí deonach toghlaigh liosta páipéir de na baill den pháirtí atá le tabhairt faoi ghníomhaíochtaí canbhasála. Is é atá sa liosta ná ainmneacha na mball, na sráideanna a bhfuil siad le canbhasáil a dhéanamh orthu agus na dátaí agus na hamanna atá siad le déanamh amhlaidh. Ós rud é gurb iad ainmneacha na mball na haon sonraí pearsanta atá sa liosta, ní dóigh gur riosca tromchúiseach a bheidh i gcailleadh an liosta. Bheadh riosca níos tromchúisí i gceist, áfach, dá sainaithneofaí sa liosta gur baill den pháirtí iad, toisc gur faoi chatagóir speisialta sonraí a thagann aon fhaisnéis ina nochtar na tuairimí polaitiúla atá ag duine.

Sampla 2

Goideadh ríomhaire glúine ar le hionadaí tofa é ó charr an ionadaí. Is é atá sa ríomhaire glúine sin ná fillteáin ina bhfuil faisnéis faoi thoghthóirí a bhaineann le huiríll a rinneadh thar a gceann, lena n-áirítear sonraí leighis a fuarthas ó ospidéal agus sonraí pearsanta a bhaineann le hiarratais tithíochta a rinneadh chuig an Údarás Áitiúil. Más rud é go bhfuil an ríomhaire glúine glasáilte le pasfhocal agus go bhfuil na comhaid cosanta le bogearraí criptithe, níor cheart go mbeadh aon riosca tromchúiseach i gceist do na hábhair sonraí, toisc nach dóigh go mbeidh aon tríú páirtí in ann na sonraí a rochtain. Mura bhfuil bearta slándála leordhóthanacha suiteáilte sa ríomhaire glúine, áfach, beidh riosca níos tromchúisí i gceist toisc gur mó i bhfad an dóchúlacht go mbeidh tríú páirtí in ann sonraí íogaire na n-ábhar sonraí a rochtain agus iad a úsáid chun díobháil a dhéanamh dóibh.

Sárúithe a thuairisciú

Ba cheart d'ionadaithe tofa, mar rialaitheoirí sonraí, aird a thabhairt ar an oibleagáid atá orthu sárúithe sonraí pearsanta a thuairisciú don Choimisiún um Chosaint Sonraí agus an sárú a thuairisciú don duine aonair/do na daoine aonair lena mbaineann i gcás gur dóigh, mar thoradh ar an sárú, go gcuirfead cearta agus saoirsí an duine aonair/na ndaoine aonair sin i mbaol. Tá tuilleadh treorach faoi sin ar fáil ar [shuíomh Gréasáin an Choimisiúin](#).

I bhformhór na n-oifigí, déanfar sonraí pearsanta a stóráil agus a phróiseáil trí úsáid a bhaint as ríomhairí agus as réitigh eile theicneolaíochta faisnéise. Tá raon beart slándála ar fáil le haghaidh sonraí leictreonacha a chosaint, lena n-áirítear comhaid a ghlasáil le pasfhocal agus criptiú a úsáid ar ríomhairí glúine agus ar ghléasanna stórála iniompartha. Chomh maith leis sin, tá sé tábhachtach a chinntiú go gcoinneofar aon bhogearraí frithmhailíseacha atá in úsáid cothrom le dáta.

Uaireanta, féadfaidh baill foirne toghlaigh agus oibrithe deonacha feachtais sonraí pearsanta a phróiseáil ar a ngléasanna féin (ríomhairí glúine, fóin phóca, etc.). Mar rialaitheoirí sonraí, ba cheart d'ionadaithe tofa bheith ar an eolas faoi na gléasanna a fhéadfar a úsáid chun sonraí a phróiseáil agus ba cheart dóibh beartais shoiléire agus treoirínite soiléire a chur i bhfeidhm maidir le haon úsáid den sórt sin.

I gcás go gcoinneofar sonraí pearsanta i bhfoirm cruachóipe, féadfar na sonraí a chosaint ar roinnt bealaí éagsúla. Ina measc sin, féadfar comhaid a choinneáil i seomraí nó caibinéid faoi ghlas, a chinntiú go gcuirfear sonraí de lámh ar bhealach slán nó go stiallfar iad nuair nach mbeidh siad ag teastáil a thuilleadh, agus a chinntiú nach dtógfar ach na sonraí pearsanta dá laghad as an oifig.

Tá rialuithe rochtana ina mbeart eagrúcháin tábhachtach is féidir a dhéanamh chun sonraí pearsanta a chosaint. Tríd is tríd, níor cheart do bhaill foirne rochtain a bheith acu ach ar na sonraí pearsanta a theastaíonn uathu chun a gcúraimí a chur i gcrích. Is féidir beartais agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm – is cuma cé acu a úsáidtear comhaid leictreonacha nó comhaid pháipéir – chun rochtain ar shonraí pearsanta a rialú agus chun taifead a dhéanamh ar cén uair a fhaightear rochtain ar na sonraí agus ar cén duine a fhaigheann an rochtain sin.

Baineann ríthábhacht le hoiliúint agus le múscailt feasachta maidir lena chinntiú go gcuirfidh baill foirne dea-chleachtais chosanta sonraí i bhfeidhm san oifig. Cabhróidh sé sin le cultúr measa a chothú ar na sonraí pearsanta de chuid toghthóirí agus daoine eile a fhéadfar a phróiseáil. Cabhróidh sé le sáruithe cosanta sonraí a chosc freisin. Cé go measfaí é a bheith cuí oiliúint shonrach i

gcosaint sonraí a eagrú do bhaill foirne, beifear in ann rioscaí a laghdú freisin trína chinntiú go mbeidh baill foirne oilte go cuí in úsáid a bhaint as aon bhogearraí a fhéadfaidh siad a úsáid chun sonraí a phróiseáil. Moltar go gcuirfí beartas cosanta sonraí i bhfeidhm agus go gcuirfí é ar fáil don fhoireann ar fad.

Cuntasacht agus Trédhearcacht

Ceanglaítear leis na creataí reachtacha um chosaint sonraí ar rialaitheoirí sonraí sonraí a phróiseáil go trédhearcach agus bheith cuntasach do na hábhair sonraí aonair a bpróiseálann siad a sonraí agus don Choimisiún um Chosaint Sonraí araon.

Is é an príomhbhealach inar féidir sonraí pearsanta a phróiseáil go trédhearcach ná faisnéis faoin mbealach ina n-úsáidfead a sonraí a sholáthar go tráthúil do na daoine aonair a bpróiseáiltear a sonraí. I gcás go bhfaighfead sonraí pearsanta ó dhuine aonair, ní mór an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad a sholáthar don duine aonair:

- (a) Aitheantas agus sonraí teagmhála an rialaitheora
- (b) Sonraí teagmhála an oifigh chosanta sonraí, má bhaineann
- (c) Cuspóirí na próiseála ar chucu atá sé beartaithe na sonraí pearsanta a úsáid agus an bonn dlíthiúil don phróiseáil
- (d) An tréimhse a stórálfar na sonraí pearsanta ar a feadh
- (e) An ceart rochtana atá aige/aici ar a s(h)onraí pearsanta agus an ceart atá aige/aici go ndéanfaí na sonraí sin a cheartú agus a léirsciosadh

I gcás go mbeidh baill foirne i dteagmháil le daoine den phobal, mar shampla liostaí seoltaí a thiomsú ag cruinnithe poiblí, ba cheart dóibh bheith in ann an fhaisnéis sin a sholáthar. Má úsáidtear suíomh Gréasáin chun faisnéis a sholáthar do thoghthóirí agus go háirithe má úsáidtear an suíomh chun aon sonraí pearsanta a fháil trí fhoirmeacha nó trí thairseacha, ba cheart fógra príobháideachta a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go dtabharfar fógra leordhóthanach do dhaoine aonair faoi sin.

Iarrataí ar Rochtain d'Ábhair Sonraí

Leis na creataí dlíthiúla um chosaint sonraí, tugtar do dhaoine aonair an ceart chun a fháil amach cé acu atá nó nach bhfuil a sonraí á bpróiseáil ag rialaitheoir sonraí agus chun na sonraí atá i gceist a rochtain. Gairtear *iarraidh ar rochtain d'ábhair sonraí* d'aon chásanna ina mbaineann duine aonair leas as an gceart sin agus ba cheart do gach rialaitheoir sonraí nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm acu chun freastal ar iarrataí den sórt sin.

Nuair a fhaightear iarraidh ar fhaisnéis faoi shonraí, nó nuair a fhaightear iarraidh ar rochtain ar shonraí, ní mór freagra a thabhairt uirthi gan moill mhíchuí agus laistigh de mhí amháin (30 lá) ar a dhéanaí. Ní ghearrtar aon táille i leith cóipeanna a sholáthar de na sonraí a fhéadfar a iarraidh.

Tá sé tábhachtach go mbeadh rialaitheoirí sonraí agus a mbaill foirne in ann na hiarrataí ar rochtain a fhaightear trí aon cheann dá mbealaí cumarsáide a aithint agus freagra a thabhairt orthu. I gcás nach dtabharfar freagra ar iarraidh ar rochtain nó nach mbeidh an t-ábhar sonraí sásta leis an bhfreagra, féadfaidh an t-ábhar sonraí gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí.

Nuair a fhaightear iarraidh, féadfaidh an rialaitheoir cibé bearta a mheasfaidh sé/sí a bheith riachtanach a dhéanamh chun aitheantas an duine aonair a fhíorú agus féadfaidh sé/sí iarraidh ar an duine aonair na sonraí ar leith nó an raon sonraí ba mhaith leis/léi a rochtain a shonrú. Trí dhea-chleachtais bhainistíochta oifige a chur chun feidhme, cabhrófar le freagra a thabhairt ar iarrataí ar rochtain toisc go mbeidh sé níos éasca na sonraí ábhartha uile a shainaitheint ar bhealach tráthúil.

In imthosca áirithe, féadfar srian a chur ar an gceart rochtana ar shonraí pearsanta. Leagtar amach in alt 60 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, na díolúintí a fhéadfar a chur i bhfeidhm chun srian a chur ar ábhar sonraí a c(h)earta a fheidhmiú, lena n-áirítear an ceart rochtana. Cuirfear srian ar chearta an ábhair sonraí a mhéid go mbeidh srianta riachtanach agus comhréireach –

- 1) chun rúndacht comh-aireachta, pribhléid pharlaiminteach, slándáil náisiúnta, cosaint agus caidreamh idirnáisiúnta an Stáit a chosaint,
- 2) chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh agus chun pionóis choiriúla a fhorchur,
- 3) chun aon cháin, aon dleacht nó aon airgead eile atá dlite nó ag dul don Stát nó d'údarás áitiúil a riar in aon chás inar dóigh go ndéanfaí

dochar don riar sin mura gcuirfí na srianta lena mbaineann i bhfeidhm,

- 4) in oirchill aon éilimh dhlíthiúil, aon éilimh dhlíthiúil ionchasaigh, aon imeachtaí dlíthiúla nó aon imeachtaí dlíthiúla ionchasaacha nó chun aon éilimh nó imeachtaí den sórt sin a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint, bíodh siad os comhair cúirte, binse reachtúil, comhlacht reachtúil nó nós imeachta riaracháin nó nós imeachta lasmuigh den chúirt,
- 5) chun éilimh dhlí shibhialta a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear nithe a bhaineann le haon dliteanas atá ag rialaitheoir nó ag próiseálaí i leith damáistí, cúitimh nó dliteanais agus fiachais eile a bhaineann leis an éileamh, nó
- 6) chun meastachán a dhéanamh ar mhéid an dliteanais atá ag rialaitheoir de bhun éileamh a fháil go n-íocfaí suim airgid, cibé acu i leith damáistí nó cúitimh, in aon chás inar dóigh go ndéanfaí dochar do leasanna tráchtála an rialaitheora i ndáil leis an éileamh dá gcuirfí na cearta nó na hoibleagáidí sin i bhfeidhm.²

Féadfar srian a chur ar an gceart rochtana freisin i gcás gurb é atá sna sonraí pearsanta a bhaineann leis an ábhar sonraí ná tuairim a chuir duine eile in iúl faoin ábhar sonraí faoi rún nó ar an tuiscint go gcaithfí leis an tuairim mar fhaisnéis rúnda do dhuine a bhfuil leas dlisteanach aige/aici san fhaisnéis a fháil.³

Ba cheart na díolúintí sin ón gceart rochtana a léiriú ar bhealach cúng agus a chur i bhfeidhm ar bhonn cáis. I gcás go measfar é a bheith riachtanach agus comhréireach srian a chur ar an gceart rochtana bunaithe ar cheann amháin de na forais atá leagtha amach thuas, ba cheart fógra i scríbhinn a thabhairt don ábhar sonraí faoi sin laistigh de mhí amháin óna (h)iarraidh a fháil. Ba cheart an t-ábhar sonraí a chur ar an eolas freisin faoin gceart atá aige/aici gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí faoin srian a cuireadh ar rochtain ar a s(h)onraí pearsanta.

Nollaig 2018

² Alt 60(3)(a) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018

³ Alt 60(3)(b) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018